Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12164/26**

**DENLEG 82**
**FOOD 110**
**SAN 612**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 22 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D114902/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid curdlain |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D114902/02.

Faoi iamh.: D114902/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2946
[POOL/E2/2025/2946/2946 EN.docx]
D114902/02
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid curdlain**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid curdlain**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia[1], agus go háirithe Airteagail 10(3) agus Airteagal 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta lena n-úsáid i mbianna agus coinníollacha a n-úsáide.

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún[3] leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, féadfar an liosta Aontais de bhreiseáin bhia agus na sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta ar thionscnamh an Choimisiún nó de thoradh iarratas ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) I mí Mheán Fómhair 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú le curdlan a úsáid mar oibreán glóthúcháin, mar oibreán teannta, mar chobhsaitheoir agus mar thiúsóir i réimse leathan catagóirí bia. Cuireadh an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(4) Is polaisiúicríd líneach ardmheáchain mhóilínigh atá i gcurdlan, ag a bhfuil airíonna glóthaithe theirmigh, a tháirgtear trí choipeadh ó thréithchineál NTK-u de bhithathraitheach 1 de *Rhizobium radiobacter*. Cruthaíonn sé glóthacha 'ardtéachta' do-aisiompaithe nuair a théitear iad i bhfuaidreán uiscí ag teochtaí os cionn 80 C agus

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.
[2] IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj.

glóthacha ‘ísealtéachta’ in-aisiompaithe nuair a théitear iad i bhfuaidreán uiscí ag teochtaí ó 55 C go 65 C agus ansin nuair a fhuaraítear iad ag ≤ 40 C. Tá curdlan beartaithe lena úsáid mar oibreán teannta, mar oibreán glóthúcháin, mar chobhsaitheoir agus mar thiúsóir i réimse leathan bianna chun feabhas a chur ar a n-airíonna uigeachta, ar a gcumas coinneála uisce agus ar a gcobhsaíocht theirmeach, amhail núdail, domplagáin, táirgí feola próiseáilte, cineálacha taois éisc, cácaí, anlainn, anraithí, tófú próiseáilte agus sneaiceanna.

(5) Sa tuairim a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2024[4], rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) meastóireacht ar shábháilteacht na húsáide atá beartaithe do churdlan mar bhreiseán bia. D’ainneoin na lochtanna a tugadh faoi deara sa tacar sonraí, bhí an tÚdarás in ann measúnú a dhéanamh ar an tsábháilteacht trí chur chuige an chorrlaigh nochta a chur i bhfeidhm agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir le curdlan a úsáid mar bhreiseán bia i ndáil leis na húsáidí atá beartaithe agus ar na leibhéil úsáide atá beartaithe.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí curdlan a údarú mar bhreiseán bia agus E 424 a shannadh mar an E-uimhir don bhreiseán sin.

(7) Ba cheart na sonraíochtaí le haghaidh curdlain (E 424) a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 toisc go bhfuil an breiseán sin curtha leis an liosta Aontais de bhreiseáin bhia a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 den chéad uair.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

[4] Painéal EFSA maidir le Breiseáin Bhia agus Blastáin (2024). Meastóireacht sábháilteachta ar churdlan mar bhreiseán bia. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2024;22:e8985, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8985.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*